C/2024/2844

8.5.2024

P9_TA(2023)0382

Ainmniú comhalta den Chúirt Iniúchóirí - Tony Murphy

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Samhain 2023 maidir le hainmniú Tony Murphy mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0334/2023 – 2023/0808(NLE))

(Comhairliúchán)

(C/2024/2844)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0334/2023),

— ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0294/2023),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir dar dáta an 8 Meán Fómhair 2023, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Tony Murphy a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Tony Murphy, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, *curriculum vitae* ó Tony Murphy, chomh maith leis na freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a bhí curtha chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Tony Murphy, ina dhiaidh sin, an 12 Deireadh Fómhair 2023, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Tony Murphy ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.